Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Bealtaine 2022**
**(OR. en)**

**9043/22**

**EF 136**
**ECOFIN 423**
**DELACT 80**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 12 Bealtaine 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2022) 3008 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 12.5.2022 lena leasaítear na caighdeáin theicniúla rialála a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 183/2014 a mhéid a bhaineann le ríomh coigeartuithe sonracha agus ginearálta ar phriacal creidmheasa a shonrú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2022) 3008 final.

---

Faoi iamh: C(2022) 3008 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 12.5.2022
C(2022) 3008 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 12.5.2022**

**lena leasaítear na caighdeáin theicniúla rialála a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 183/2014 a mhéid a bhaineann le ríomh coigeartuithe sonracha agus ginearálta ar phriacal creidmheasa a shonrú**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le hAirteagal 110(4), an chéad fhomhír, pointe (e), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 cumhachtaítear an Coimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, tar éis don Údarás Baincéireachta Eorpach (ÚBÉ) dréachtchaighdeáin a chur isteach, agus i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, gníomhartha tarmligthe lena sonraítear na méideanna is gá a chur san áireamh i ríomh na gcoigeartuithe ar phriacal creidmheasa chun an mhainneachtain faoi Airteagal 178 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a chinneadh.

An 16 Nollaig 2020, d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach a phlean gníomhaíochta maidir le *Dul i ngleic le hiasachtaí neamhthuillmheacha i ndiaidh phaindéim COVID-19,* ina n-iarrtar athbhreithniú ar láimhseáil na risíochtaí ar mhainneachtain faoin gcur chuige caighdeánaithe maidir le priacal creidmheasa chun aon bhac ar chruthú margaí tánaisteacha le haghaidh risíochtaí ar mhainneachtain a bhaint.

I gcomhthéacs risíochtaí ar mhainneachtain a dhíol, sainaithníodh mí-ailíniú san ualú priacail arna chur i bhfeidhm ar na risíochtaí sin ag institiúidí atá á ndíol ('institiúidí díola') agus san ualú riosca arna chur i bhfeidhm ar na risíochtaí sin ag institiúidí atá á gceannach ('institiúidí ceannaigh'). Leis an mí-ailíniú seo, d'fhéadfaí constaicí míchuí a chruthú le haghaidh institiúidí creidmheasa maidir lena risíochtaí ar mhainneachtain a bhaint dá gcláir chomhardaithe. Is gá, dá bhrí sin, sainaithint na gcoigeartuithe sonracha ar phriacal creidmheasa a leasú mar a leagtar amach i Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 183/2014 ón gCoimisiún an 20 Nollaig 2013 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, i ndáil le caighdeáin theicniúla rialála chun ríomh coigeartuithe sonracha agus ginearálta ar phriacal creidmheasa a shonrú.

I gcomhréir le hAirteagal 10(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 lena mbunaítear ÚBE, cinnfidh an Coimisiún laistigh de thrí mhí tar éis na dréachtchaighdeáin theicniúla a fháil cé acu a dhéanfaidh sé nó nach ndéanfaidh sé na dréachtaí arna gcur isteach a fhormhuiniú. Féadfaidh an Coimisiún, freisin, gan na dréachtchaighdeáin a fhormhuiniú ach go páirteach, nó iad a fhormhuiniú maille le leasuithe, i gcás ina n-éilítear amhlaidh ar mhaithe le leasanna an Aontais, ag féachaint don nós imeachta sonrach a leagtar síos sna hAirteagail sin.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

I gcomhréir leis an tríú fomhír d'Airteagal 10(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, rinne ÚBE comhairliúchán poiblí maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla. Foilsíodh páipéar comhairliúcháin ar shuíomh gréasáin ÚBE an 24 Meitheamh 2021 agus dúnadh an comhairliúchán an 24 Meán Fómhair 2021. In éineacht leis na dréachtchaighdeáin theicniúla, chuir ÚBE míniú isteach faoin gcaoi ar cuireadh toradh na gcomhairliúchán sin san áireamh agus na dréachtchaighdeáin theicniúla deiridh a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin á bhforbairt.

In éineacht leis na dréachtchaighdeáin theicniúla, agus i gcomhréir leis an tríú fomhír d'Airteagal 10(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, chuir ÚBE a mheasúnú tionchair isteach, lena n- áirítear an anailís a rinne sé ar na costais agus ar na sochair a bhaineann leis na dréachtchaighdeáin theicniúla arna gcur faoi bhráid an Choimisiúin. Tá an anailís sin ar fáil ag https://www.eba.europa.eu/regulation-and-policy/credit-risk/draft-regulatory-technical-

standards-on-the-calculation-of-credit-risk-adjustment#pane-new-ed8f3c99-9589-454a-a87e-37f2578a1783.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

I gcomhthéacs risíocht ar mhainneachtain a dhíol, leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála beifear in ann aon díluacháil a chuirtear san áireamh i bpraghas idirbhirt na risíochta, arna gcoimeád ag na hinstitiúidí díola mar chaillteanas réadaithe, a chuimsiú sna coigeartuithe sonracha ar phriacal creidmheasa a aithníodh chun an t-ualú priacail a chinneadh, ualú priacail a chuirfidh an institiúid ceannaigh i bhfeidhm ar an risíocht sin faoin gcur chuige caighdeánaithe maidir le riosca creidmheasa ar an dáta díola.

Déantar é sin trí mhéid a thabhairt isteach, ar méid é a áirítear i méid na gcoigeartuithe sonracha ar phriacal creidmheasa a úsáidtear chun an t-ualú priacail iomchuí faoi Airteagal 127(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a chinneadh. An méid a úsáidtear chun an t-ualú priacail faoin Airteagal sin a chinneadh, déantar é a dhearadh sa chaoi nach n-athraítear an t-ualú priacail iomchuí le ceannach risíochta ar mhainneachtain ag a bhfuil lascaine arb ionann í agus méid na gcoigeartuithe sonracha ar phriacal creidmheasa a shann an institiúid díola don risíocht.

Go háirithe, maidir le ríomh na lascaine le haghaidh risíochtaí ar mhainneachtain a cheannaítear, leis an tagairt don téarma ‘méid atá dlite’ áirithítear comhsheasmhacht thar chineálacha éagsúla risíochtaí ar mhainneachtain mar aon le Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 mar a leasaítear sa chaoi nach ndéantar breithniú ach ar mhéid gan íoc na n-oibleagáidí creidmheasa. Mar sin, aon mhéid nach bhfuil dlite ag oibleagáideoir a thuilleadh, toisc gur aisíocadh nó gur maitheadh é (lena n-áirítear ag an institiúid díola), eisiatar é. Thairis sin, áirithítear leis go ndéantar breithniú ar oibleagáidí maidir le híocaíocht airgid thirim agus ar oibleagáidí maidir le hítimí neamhairgid a sheachadadh bunaithe ar Airteagal 24 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 lena gceanglaítear luacháil a dhéanamh ar shócmhainní agus ar ítimí lasmuigh den chlár comhardaithe i gcomhréir leis an gcreat cuntasaíochta is infheidhme. Ar deireadh, leis an tagairt don ‘mhéid atá dlite’ áirithítear freisin go ndéantar breithniú ar iomlán na hoibleagáide creidmheasa gan íoc, lena n-áirítear íocaíochtaí gan íoc na príomhshuime, leasanna agus táillí fabhraithe, de réir mar is infheidhme, i ríomh na lascaine.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 12.5.2022**

**lena leasaítear na caighdeáin theicniúla rialála a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 183/2014 a mhéid a bhaineann le ríomh coigeartuithe sonracha agus ginearálta ar phriacal creidmheasa a shonrú**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012[1], agus go háirithe Airteagal 110(4), an tríú fomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Bunaithe ar an sainmhíniú ar choigeartú ar phriacal creidmheasa a leagtar síos in Airteagal 4(1), pointe (95), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, ní féidir ach na caillteanais chreidmheasa ionchasacha a léirítear sna coigeartuithe sonracha ar phriacal creidmheasa arna ndéanamh ag an institiúid ag a bhfuil seilbh ar an risíocht ar mhainneachtain a chur san áireamh i sannadh ualaithe priacail chun críocha Airteagal 127(1) den Rialachán sin. Mar sin féin, na caillteanais chreidmheasa a chuirtear san áireamh i bpraghas idirbhirt na risíochta ar mhainneachtain, arna gcoimeád ag na hinstitiúidí díola mar chaillteanas réadaithe, ní féidir iad a aithint tar éis an díolacháin ag an institiúid ceannaigh. Mar thoradh air sin, féadfaidh athrú teacht ar an ualú priacail is infheidhme a chuirtear i bhfeidhm ar an risíocht ar mhainneachtain tar éis dhíolachán na risíochta sin, cé go n-ionchorpraítear leis an bpraghas idirbhirt lascaine ar mhéid arb ionann é agus méid na gcoigeartuithe sonracha ar phriacal creidmheasa le haghaidh caillteanais chreidmheasa ionchasacha a chláraigh an institiúid díola roimh an díolachán. Leis an staid sin, cruthaítear bac rialála maidir le cruthú margaí tánaisteacha le haghaidh risíochtaí ar mhainneachtain, ós rud é go bhféadfadh sé nach mbeadh an t-idirbheart chomh tarraingteach céanna don institiúid ceannaigh mar gheall ar an mí-ailíniú a d'fhéadfadh a bheith ann idir na hualuithe priacail a chuireann an institiúid díola agus an institiúid ceannaigh faoi seach i bhfeidhm ar an risíocht ar mhainneachtain agus, dá bhrí sin, chruthódh sé constaicí míchuí le haghaidh institiúidí creidmheasa maidir lena risíochtaí ar mhainneachtain a bhaint dá gcláir chomhardaithe.

(2) Ina theannta sin, chun an fhéidearthacht go mbeadh méadú ar leibhéil na risíochtaí ar mhainneachtain ar fud institiúidí creidmheasa mar thoradh ar phaindéim COVID-19 a chur san áireamh, is inmhianaithe go mbainfear aon bhac rialála maidir le cruthú margaí tánaisteacha le haghaidh risíochtaí ar mhainneachtain. Is gá, dá bhrí sin, a áirithiú go n-ionchorprófar leis na coigeartuithe sonracha ar phriacal creidmheasa a

[1] IO L 176, 27.6.2013, lch. 1.

aithníodh chun críocha Airteagal 127(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 aon lascaine i bpraghas idirbhirt risíochta ar mhainneachtain nár aithin an institiúid ceannaigh trí chaipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 a mhéadú. Go háirithe, chun aon aitheantas dúbailte míchuí a sheachaint maidir leis an méadú a d'fhéadfadh a bheith ann i leibhéal an chaillteanais ionchasaigh ag an institiúid ceannaigh tar éis don institiúid sin caipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 a cheannach agus chun an t-ualú priacail i gcomhréir le hAirteagal 127(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a chinneadh, i gcás ina ndéanfaí athluacháil ar an risíocht ar mhainneachtain a tharlódh tar éis a ceannaigh, leis an lascaine níor cheart an chuid de mhéid athluachála na risíochta ar mhainneachtain atá aitheanta mar risíocht lena méadaítear caipiteal Ghnáthchothromas Leibhéal 1 na hinstitiúide a ionchorprú a thuilleadh.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh 183/2014[2] ón gCoimisiún a leasú dá réir sin.

(4) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a chuir an tÚdarás Baincéireachta Eorpach faoi bhráid an Choimisiúin.

(5) Tá comhairliúcháin phoiblí oscailte déanta ag an Údarás Baincéireachta Eorpach maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, tá anailís déanta aige ar na costais agus ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo agus d'iarr sé comhairle ón nGrúpa Geallsealbhóirí Baincéireachta arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010[3],

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasú ar Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 183/2014**

In Airteagal 1 de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 183/2014, cuirtear an mhír 6 seo a leanas leis:

'6. Gan dochar do mhír 1, nuair a ríomhtar na coigeartuithe sonracha ar phriacal creidmheasa chun na hualuithe priacail dá dtagraítear in Airteagal 127(1), pointí (a) agus (b), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a shannadh don chuid neamhurraithe den risíocht ar mhainneachtain, áireoidh institiúidí aon difríocht dhearfach idir an méid atá dlite ag an oibleagáideoir maidir leis an risíocht sin agus suim na méideanna seo a leanas:

(a) an laghdú breise ar chistí dílse dá díscríobhfaí an risíocht sin ina hiomláine;

(b) aon laghdú ar chistí dílse atá ann cheana a bhaineann leis an risíocht sin.'.

*Airteagal 2*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

2 Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 183/2014 ón gCoimisiún an 20 Nollaig 2013 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, i ndáil le caighdeáin theicniúla rialála chun ríomh coigeartuithe sonracha agus ginearálta ar phriacal creidmheasa a shonrú (IO L 57, 27.2.2014, lch. 3).

3 Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 12.5.2022

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*